Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2025/2135(INI)

30.9.2025

DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir le staid na gceart bunúsach san Aontas Eorpach in 2024 agus 2025
(2025/2135(INI))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Anna Strolenberg

PR_INI

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 11

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le staid na gceart bunúsach san Aontas Eorpach in 2024 agus 2025 (2025/2135(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE),

– ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

– ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt),

– ag féachaint do chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE),

ag féachaint do Threoir (AE) 2024/1385 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac[1],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1083 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh seirbhísí meán sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 2010/13/AE (an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán)[2],

– ag féachaint do Threoir (AE) 2024/1069 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le daoine a bhíonn ag gabháil do rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ar éilimh atá go follasach gan bhunús nó ar imeachtaí cúirte mí-úsáideacha (‘Cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne na rannpháirtíochta poiblí’)[3](an Treoir Frith-SLAPP),

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint[4] (an Rialachán maidir le Coinníollacht an Smachta Reachta),

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí)[5],

– ag féachaint do Chinneadh Réime 2008/913/CGB ón gComhairle an 28 Samhain 2008 maidir le cineálacha agus léirithe áirithe ciníochais agus seineafóibe a chomhrac trí

[1] IO L, 2024/1385, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1385/oj.
[2] IO L, 2024/1083, 17.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1083/oj.
[3] IO L, 2024/1069, 16.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1069/oj.
[4] IO L 433I, 22.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2092/oj.
[5] IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj.

bhíthin an dlí choiriúil[6],

– ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 2 Iúil 2008 le haghaidh treoir ón gComhairle maidir le prionsabal na córa comhionainne a chur chun feidhme idir daoine gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh (COM(2008)0426) (an Treoir Chothrománach maidir le Frith-Idirdhealú),

– ag féachaint do Threoir 2000/43/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 2000 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach[7],

– ag féachaint do straitéis an Aontais um chomhionannas LGBTIQ 2020-2025 (COM(2020)0698), do straitéis um chomhionannas inscne 2020-2025 (COM(2020)0152), don straitéis maidir le cearta daoine faoi mhíchumas 2021-2030 (COM(2021)0101), do phlean gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le frithchiníochas 2020-2025 (COM(2020)0565), do chreat straitéiseach an Aontais le haghaidh chomhionannas, chuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach 2020-2030 (COM(2020)0620), agus don fhógra ón gCoimisiún iad a nuashonrú agus a neartú,

– ag féachaint do straitéis AE chun cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha (COM(2020)0711) agus tuarascálacha bliantúla an Choimisiúin a neartú, go háirithe Tuarascáil Bhliantúil 2024 maidir le cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Cistiú chun cearta bunúsacha a chur chun cinn, a chosaint agus a fhorfheidhmiú (COM(2024)0456),

– ag féachaint do theachtaireachtaí ón gCoimisiún an 24 Iúil 2024 dar teideal ‘Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta 2024 – Staid an smachta reachta san Aontas Eorpach’ (COM(2024)0800) agus an 8 Iúil 2025 dar teideal ‘Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta 2025 – Staid an smachta reachta san Aontas Eorpach’ (COM(2025)0900), agus do na 27 gCaibidil Tíre atá i gceangal leo,

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 7 Márta 2025 dar teideal ‘Treochlár um Chearta na mBan’ (COM(2025)0097), ina leagtar amach fís fhadtéarmach chun comhionannas inscne a bhaint amach,

– ag féachaint do chonarthaí agus ionstraimí na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chosaint, go háirithe an Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, an Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú, an Coinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú, do mholtaí agus tuarascálacha Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann na Náisiún Aontaithe agus do chásdlí chomhlachtaí conartha na Náisiún Aontaithe agus nósanna imeachta speisialta na Comhairle um Chearta an Duine,

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD) a dhaingnigh an tAontas Eorpach an 23 Nollaig 2010 agus a bhfuil na Ballstáit uile ina bpáirtithe ann, don Phrótacal Roghnach a ghabhann le CRPD atá daingnithe ag

[6] IO L 328, 6.12.2008, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_framw/2008/913/oj.
[7] IO L 180, 19.7.2000, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2000/43/oj.

22 Bhallstát, chomh maith leis na Barúlacha Ginearálta maidir le CRPD agus barúlacha Choiste na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas,

– ag féachaint do Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna),

– ag féachaint do Phrionsabail Yogyakarta maidir le cur i bhfeidhm an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine maidir le gnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne, léiriú inscne agus tréithe gnéis,

– ag féachaint do na moltaí agus do na tuarascálacha ón Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine, ón Ard-Choimisinéir um Mionlaigh Náisiúnta, ón Ionadaí um Shaoirse na Meán agus ó chomhlachtaí eile de chuid na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE),

– ag féachaint don Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint (ECHR),

– ag féachaint do na moltaí, na tuairimí, na tuarascálacha agus na rúin ó Chomhairle na hEorpa, go háirithe ó Choimisiún na Veinéise, ón gCoimisiún Eorpach i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe (ECRI), ón nGrúpa Saineolaithe um Ghníomhaíocht in aghaidh Foréigean ar Mhná agus Foréigean Baile (GREVIO), ón nGrúpa Stát i gcoinne na hÉillitheachta (GRECO), ón gCoiste Stiúrthaar Fhrith-Idirdhealú, Éagsúlacht agus Cuimsiú, ó Choiste Eorpach ar Chearta Sóisialta agus ó chomhlachtaí eile de chuid Chomhairle na hEorpa,

– ag féachaint do na ráitis, na moltaí, na tuarascálacha agus na cuairteanna tíre ó Choimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine, lena n-áirítear a thuarascáil an 4 Meán Fómhair 2025 dar teideal *Externalised asylum and migration policies and human rights law* [Beartais sheachtracha tearmainn agus imirce agus an dlí um chearta an duine],

– ag féachaint d'Ardán Chomhairle na hEorpa um Shábháilteacht Iriseoirí,

– ag féachaint do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl'), a dhaingnigh an tAontas Eorpach an 28 Meitheamh 2023,

– ag féachaint do Chairt Shóisialta na hEorpa de chuid Chomhairle na hEorpa,

– ag féachaint do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus dá Phlean Gníomhaíochta,

– ag féachaint do thuarascálacha, suirbhéanna agus tuairimí Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), go háirithe a Tuarascáil maidir le Cearta Bunúsacha 2024 agus a Tuarascáil maidir le Cearta Bunúsacha 2025,

– ag féachaint do na rúin uaithi roimhe seo maidir le staid na gceart bunúsach san Aontas,

– ag féachaint do rúin uaithi maidir le tuarascálacha an Choimisiúin ar an smacht reachta,

– ag féachaint do rúin uaithi maidir le Ballstáit shonracha, lena n-áirítear an Ghréig, an

Ungáir agus an tSlóvaic,

– ag féachaint do rún uaithi an 8 Feabhra 2024 maidir le cur chun feidhme Straitéis AE um Chomhionannas LGBTIQ 2020-2025[8],

– ag féachaint do rún uaithi an 13 Nollaig 2022 i dtreo cearta comhionanna do dhaoine faoi mhíchumas[9],

– ag féachaint do rún uaithi an 10 Samhain 2022 maidir le ceartas ciníoch, neamh-idirdhealú agus frithchiníochas san Aontas[10],

– ag féachaint do rún uaithi an 8 Márta 2022 maidir leis an laghdú atá ag teacht ar an spás don tsochaí shibhialta san Eoraip[11],

– ag féachaint do rún uaithi an 14 Nollaig 2021 maille le moltaí don Choimisiún maidir leis an bhforéigean inscnebhunaithe a chomhrac: cibearfhoréigean[12],

– ag féachaint do rún uaithi an 16 Meán Fómhair 2021 le moltaí don Choimisiún maidir le foréigean inscnebhunaithe a shainaithint mar réimse nua coireachta a liostaítear in Airteagal 83(1) CFAE[13], agus do rún uaithi an 18 Eanáir 2024 maidir le liosta choireanna an Aontais a leathnú chun an fhuathchaint agus an fhuathchoireacht a chumhdach[14],

– ag féachaint do rún uaithi an 7 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Sásra an Aontais um an Daonlathas, an Smacht Reachta agus Cearta Bunúsacha a bhunú[15],

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A10-0000/2025),

A. de bhrí go bhfuil cúlú daonlathach á thabhairt faoi deara i roinnt Ballstát;

B. de bhrí gur cúis mhór imní fós é an t-éilliú;

C. de bhrí go bhfuil saoirse na meán ar fud an Aontais fós faoi bhagairt, go háirithe sa Bhulgáir, sa Ghréig, san Iodáil, san Ungáir agus sa tSlóvaic; de bhrí go bhfuil cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne na rannpháirtíochta poiblí (SLAPPanna) fós ina mbagairt do shaoirse na meán;

D. de bhrí go bhfuil iriseoirí agus oibrithe sna meáin ag fulaingt mar gheall ar dhálaí

[8] IO C, C/2024/6340, 7.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6340/oj.
[9] IO C 177, 17.5.2023, lch. 13.
[10] IO C 161, 5.5.2023, lch. 10.
[11] IO C 347, 9.9.2022, lch. 2.
[12] IO C 251, 30.6.2022, lch. 2.
[13] IO C 117, 11.3.2022, lch. 88.
[14] IO C, C/2024/5733, 17.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5733/oj.
[15] IO L 395, 29.9.2021, lch. 2.

forbhásacha agus timpeallacht neamhshábháilte;

E. de bhrí go ndéantar an daonlathas a dheighilt agus a lagú le scaipeadh na bréagaisnéise;

F. de bhrí go bhfuil an baol ann go ndéanfaí an idirdhealú agus na neamhionannais atá ann cheana níos measa de bharr teicneolaíochtaí nua, lena n-áirítear córais IS; de bhrí gur cleachtais mhí-úsáideacha agus neamhdhaonlathacha iad úsáid earraí spiaireachta, teicneolaíochtaí aghaidh-aitheanta agus ollfhaireachais;

G. de bhrí gur réamhriachtanas bunúsach é comhlíonadh luachanna an Aontais a leagtar síos in Airteagal 2 CAE chun rochtain a fháil ar chistí AE;

H. de bhrí go molann Coimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine measúnuithe riosca cuimsitheacha ar chearta an duine a dhéanamh sula rachfar i mbun comhar seachtrach;

I. de bhrí gur ábhar mór imní é na hiarrachtaí chun clárú iarratas ar thearmann a chur ar fionraí; de bhrí nach mór cearta daonna na ndaoine lena mbaineann a urramú, measúnú a dhéanamh ar a riachtanais chosanta, agus nach mór rochtain ar bhearta cosanta fóinteacha a thabhairt dóibh siúd atá incháilithe do chosaint idirnáisiúnta;

J. de bhrí go bhfuil foréigean inscnebhunaithe in aghaidh na mban agus daoine LADTIA+ fós forleathan, go háirithe dóibh siúd a bhfuil ilchineálacha idirdhealaithe agus cineálacha trasnacha idirdhealaithe á bhfulaingt acu; de bhrí gur cineál foréigin inscnebhunaithe é diúltú do rochtain ar ghinmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil;

K. de bhrí go bhfuil ionsaí níos déine nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo á dhéanamh ar an spás sibhialta ar fud an Aontais; de bhrí go bhfuil méadú tagtha ar ionsaithe ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna) agus ar chosantóirí chearta an duine (HRDanna) a chosnaíonn agus a chuireann luachanna an Aontais chun cinn agus gur ábhar mór imní fós iad;

L. de bhrí, i roinnt Ballstát, amhail an Chipir, an Fhrainc, an Ghréig, an Iodáil, Málta, an Pholainn agus an Spáinn, gur tugadh ESSanna agus CCDanna os comhair na gcúirteanna as cúnamh a thabhairt do dhídeanaithe agus d'imircigh;

M. de bhrí gur cheart cistiú AE don tsochaí shibhialta a áirithiú sa chéad chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) eile;

N. de bhrí go bhfuil ciníochas institiúidithe fite fuaite i mbeartais rialtais agus i seirbhísí poiblí amhail fórsaí póilíneachta;

O. de bhrí go léirítear le suirbhéanna FRA ar dhaoine Dubha, Giúdaigh, Moslamaigh agus daoine LADTIA+ san Aontas go bhfulaingíonn siad fuath forleathan;

Cearta bunúsacha idir chamáin

1. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit luachanna AE a urramú agus a chur chun cinn mar a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE;

2. ag tathant ar an gCoimisiún na tuarascálacha bliantúla maidir le cur i bhfeidhm na

Cairte a neartú;

3. á chur i bhfios go láidir gur gá sásraí faireacháin agus meastóireachta a neartú;

Daonlathas faoi strus

4. á athdhearbhú gur gá sásra AE a bhunú maidir leis an daonlathas, an smacht reachta agus cearta bunúsacha;

5. ag tathant ar na Ballstáit an t-éilliú a chomhrac agus moltaí GRECO a chomhlíonadh go hiomlán;

6. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an brú méadaitheach, an cur isteach polaitiúil agus na hionsaithe ar na meáin agus ar an iriseoireacht i roinnt Ballstát, lena n-áirítear easpa neamhspleáchais na meán seirbhíse poiblí;

7. á chur in iúl gur saoth léi na teipeanna sistéamacha maidir le coireanna i gcoinne iriseoirí i roinnt Ballstát amhail Málta, an Ghréig agus an tSlóvaic a imscrúdú agus a ionchúiseamh;

8. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit sábháilteacht agus cosaint iriseoirí agus gníomhaithe sna meáin a áirithiú agus meáin shaora, neamhspleácha agus iolraíocha a chur chun cinn; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na bearta is gá a chur chun feidhme chun deireadh a chur le gach cás SLAPP san Aontas;

9. á chur in iúl go n-aontaíonn sí le tuairim Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe nár cheart d'algartaim rialú a dhéanamh ar an méid a fheiceann daoine agus gur cheart do chuideachtaí teicneolaíochta samhlacha gnó a úsáid nach dtugann tosaíocht do rannpháirtíocht os cionn chearta an duine;

10. ag athdhearbhú a hiarrata ar na Ballstáit, agus go háirithe ar an nGréig, ar an gCipir, ar an Iodáil, ar an Ungáir, ar an bPolainn agus ar an Spáinn, moltaí uile an Choiste Fiosrúcháin a leanúint chun imscrúdú a dhéanamh ar úsáid Pegasus agus earraí spiaireachta faireachais comhchosúla (PEGA) agus Choimisiún na Veinéise;

11. á iarraidh go dtabharfaí aontachas AE le ECHR chun críche;

Sáruithe ar chearta bunúsacha ag teorainneacha

12. ag cáineadh go láidir na sáruithe forleathana ar chearta bunúsacha ag teorainneacha, lena n-áirítear brú siar, atá ag éirí chun bheith ina gcleachtas córasach i roinnt Ballstát;

13. á iarraidh ar an Aontas agus ar na Ballstáit oibleagáidí agus gealltanais idirnáisiúnta maidir le cearta an duine a chomhlíonadh agus staonadh ó bheartais imirce a ghlacadh lena ndéantar an neamhionannas agus an t-eisiamh níos measa.

14. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit deireadh a chur leis an mbac córasach ar iarrachtaí cuardaigh agus tarrthála neamhrialtasacha (SAR); á mheabhrú go bhfuil géarghá le ciste cuardaigh agus tarrthála AE a bhunú agus á iarraidh ar institiúidí AE cistiú iomchuí a leithdháileadh chun na críche sin sa chéad CAI eile;

15. ag tathant ar na Ballstáit na moltaí ón tuarascáil ó Choimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine a leanúint; ag cáineadh go láidir an reitric fhrithdhídeanaithe agus fhrith-imirceach a tharlaíonn arís agus arís eile;

16. á iarraidh ar na Ballstáit an Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann a chur chun feidhme ina iomláine; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an easpa ullmhachta atá ag roinnt Ballstát chun an spriocdháta cur chun feidhme a chomhlíonadh, go háirithe maidir le forálacha a bhaineann le cearta bunúsacha;

Foréigean inscnebhunaithe, cearta na mban agus cearta daoine LADTIA+

17. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun gluaiseachtaí frithinscne agus frithchearta a chomhrac;

18. á chur in iúl gur geal léi Treochlár an Aontais um Chearta na mBan agus an Dearbhú prionsabal le haghaidh sochaí atá comhionann ó thaobh inscne de atá i gceangal leis sin; á chur in iúl gur oth léi, áfach, an easpa gealltanas láidir airgeadais;

19. ag tathant ar an Aontas agus ar na Ballstáit gach cineál foréigin inscnebhunaithe a chomhrac agus aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá leo, lena n-áirítear cibearfhoréigean inscnebhunaithe; ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCoimisiún foréigean inscnebhunaithe a aithint mar choir nua san Aontas faoi Airteagal 83(1) CFAE;

20. ag athdhearbhú a hiarrata go n-áireofaí an ceart chun ginmhillte sa Chairt; á chur i bhfáth nach bhfuil aon sainmhíniú AE fós ann ar éigniú bunaithe ar an easpa toilithe;

21. á iarraidh ar an mBulgáir, ar an tSeicia, ar an Ungáir, ar an Liotuáin agus ar an tSlóvaic Coinbhinsiún Iostanbúl a dhaingniú;

An tsochaí shibhialta faoi bhagairt

22. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an rannpháirtíocht éifeachtach de shaoránaigh agus ESSanna i gceapadh beartas a áirithiú agus a chur chun cinn;

23. á iarraidh ar an gCoimisiún a ráthú go dtacófar, go gcosnófar agus go gcumhachtófar ESSanna agus CCDanna le straitéis sochaí sibhialta AE atá ar na bacáin chun luachanna AE a chosaint agus a chur chun cinn agus chun sásra mearfhreagartha a chur ar bun san Aontas chun tacú leo;

24. ag cáineadh go láidir coiriúlú leanúnach na dlúthpháirtíochta agus ag tathant ar na Ballstáit staonadh ó dhéanamh amhlaidh;

25. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a ráthú gur féidir le daoine a gceart chun comhthionóil shíochánta a fheidhmiú agus staonadh ó aon tionscnamh a chur ar aghaidh a bhféadfadh éifeacht athchomhairleach a bheith aige ar an spás sibhialta;

Ciníochas struchtúrach agus idirdhealú

26. á iarraidh an athuair go ndéanfaí an Treoir Chothrománach maidir le Frith-Idirdhealú a dhíbhlocáil;

27. á iarraidh ar an gCoimisiún straitéisí uaillmhianacha comhionannais agus frithchiníochais a thíolacadh;

28. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dul i ngleic leis an tseineafóibe, leis an gciníochas, leis an drochíde, leis an homafóibe, leis an trasfóibe agus le cineálacha eile claontachta, éadulaingthe, idirdhealaithe agus fuatha i gcoinne daoine leochaileacha;

29. ag tathant ar na Ballstáit, go háirithe ar an Ungáir agus ar an tSlóvaic, athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthe lena ndéantar idirdhealú in aghaidh daoine LADTIA+ agus teaghlaigh bogha ceatha agus staonadh ó aon tionscnamh a chur ar aghaidh a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de chearta daoine LADTIA+, lena n-áirítear na dlíthe bolscaireachta frith-LADTIA, mar a thugtar orthu, agus teiripí tiontaithe a thoirmeasc;

30. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar idirdhealú agus ar eisiamh sóisialta a bhíonn os comhair na Romach agus daoine faoi mhíchumas;

Cearta comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha atá i mbaol

31. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit caighdeán leormhaith maireachtála agus comhshaol sláintiúil a áirithiú do chách, lena n-áirítear rochtain ar thithíocht, oideachas ar ardchaighdeán, slándáil shóisialta agus cúram sláinte;

32. á threorú dá hUachtarán an rún sin a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Sna blianta 2024 agus 2025, bhí brú méadaitheach ag teacht ar chearta bunúsacha san Aontas Eorpach ó réimsí éagsúla. Tá treocht ar ábhar imní í á léiriú leis na bagairtí ar an smacht reachta, laghdú ar an spás sibhialta, méadú ar an bhfuathchaint agus ar insintí seineafóbacha, foréigean in aghaidh dídeanaithe agus imirceach, agus an bonn a bheith á bhaint de chearta na mban agus na ndaoine LADTIA+.

Tá an creimeadh sin ar chearta bunúsacha níos measa mar gheall ar neamhionannais shocheacnamaíocha mharthanacha. Agus atá cogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine fós ar siúl agus na hionsaithe ar Gaza fós á dtarlú, agus iompar uathlathach á léiriú ag níos mó ceannairí, tá cearta bunúsacha faoi bhrú níos mó ná riamh. Le linn na tréimhse fada seo, tá fíorbhaol ann go gcuirfear cearta bunúsacha i leataobh ar an gclár oibre polaitiúil.

Go háirithe i dtráth éagobhsaíochta, tá sé ríthábhachtach na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe a mheabhrú dínit an duine, an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, an smacht reachta agus urraim do chearta an duine, agus iad uile cumhdaithe sa Chairt um Chearta Bunúsacha agus i gConarthaí an Aontais. Ní hamháin gur oibleagáid dhlíthiúil ar institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit é seasamh leis na prionsabail sin, ach is rud é freisin a fhágann gur tionscadal polaitiúil uathúil í an Eoraip a bhfuil folláine na saoránach ina chroílár. Níor cheart don Aontas comhréiteach a dhéanamh maidir leis an mbonn sin. Ní rud statach atá i gceist le cearta bunúsacha; is gá iad a chur chun cinn agus a chur chun feidhme go gníomhach.

Tá na hionsaithe ar an spás sibhialta ar fud na hEorpa ar cheann de na comharthaí go bhfuil an daonlathas ag lagú. Leis an srian a cuireadh le déanaí ar an gceart chun comhthionóil shíochánta, go háirithe toirmisc ar imeachtaí Pride agus ar agóidí ar son na Palaistíne, chomh maith le cos ar bolg agus coiriúlú chosantóirí chearta an duine (CCDanna) agus ENRanna atá ag obair le dídeanaithe, iarrthóirí tearmainn agus imircigh, tá fasaigh chontúirteacha á gcur ar bun. Tá sé sin ag géarú de bharr na srianta ag na Stáit Aontaithe agus ag an Aontas ar an maoiniú d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

Is cúis imní don Rapóirtéir an polarú agus an ilroinnt mhéadaitheach atá ag teacht ar shochaithe na hEorpa, arb iad gníomhaithe polaitiúla pobalacha is cúis leo go minic. Trí cheapadh milleáin a dhéanamh ar mhionlaigh, leas a bhaint as polaitíocht na féiniúlachta, agus bréagaisnéis a scaipeadh, déantar pobail a dheighilt agus an mhuinín a chreimeadh. Tá sé de dhualgas ar pholaiteoirí agus ar rialtais caighdeáin dhaonlathacha a chaomhnú agus staonadh ó reitric a chuireann leis an bhfuath, leis an gciníochas agus leis an bhforéigean. Cuireann an t-athrú digiteach tapa agus an intleacht shaorga leis na rioscaí sin, ós rud é go mbaintear an bonn den chomhionannas agus den saol sibhialta le leathadh neamhsheiceáilte na fuathchainte agus an ábhair dhíobhálaigh ar líne, mar aon le halgartaim chlaonta agus dearadh ionramhála. Bhí na bagairtí sin le feiceáil go háirithe le linn na dtoghchán Eorpach, nuair a léiríodh i dtuarascálacha gur tháinig méadú ar bhagairtí fuathchainte, foréigin agus báis ar líne ar fud Ballstáit éagsúla[1]. Thairis sin, thug seirbhísí slándála i roinnt tíortha rabhadh faoi radacú tapa ar líne de dhaoine óga, go háirithe laistigh de líonraí antoisceachas na heite deise. Ar deireadh, is sampla soiléir é cur isteach eachtrach ar phróisis toghcháin den chaoi ar féidir ardáin ar líne a úsáid mar arm chun an bonn a bhaint den daonlathas.

Sna blianta amach romhainn, ní mór don Aontas a bhunchlocha daonlathacha a athnuachan, rannpháirtíocht na saoránach a neartú, agus comhionannas, ceartas agus inbhuanaitheacht a

[1] ESCE: ODIHR, Toghcháin Pharlaimint na hEorpa an 6-9 Meitheamh 2024 – tuarascáil chríochnaitheach ó mhisean speisialta um measúnú toghchán ODIHR, Várs á, 2024, lch. 15.

chur i gcroílár a chuid beartas. Ní féidir leis an Aontas muinín a chothú an athuair ina chuid institiúidí, agus a bheith inchreidte ar an leibhéal idirnáisiúnta, ach amháin trí chearta a chosaint agus a chur chun cinn go gníomhach.

Cur chuige an Rapóirtéara

Leis an tuarascáil seo, féachann an Rapóirtéir le béim a leagan ar na príomhfhorbairtí i ndáil le staid na gceart bunúsach san Aontas le linn 2024 agus 2025.

Is gá tosaíocht a thabhairt d'fhad teoranta na dtuarascálacha féintionscnaimh, cé nach laghdaítear a dtábhacht in éagmais ábhair imní áirithe. Soláthraítear leis an téacs seo creat ginearálta a fhéadfar a shaibhriú agus a shaibhreofar a thuilleadh le linn chéim an leasaithe.

Struchtúr

Tá an dréacht-tuarascáil bunaithe ar bhraislí de chearta bunúsacha. Cé go dtugtar forléargas sa chéad chuid den Tuarascáil ar na príomhábhair imní maidir le cearta bunúsacha san Aontas, áirítear sna caibidlí aonair glaonna nithiúla ar ghníomhaíocht chun go mbeidh an tuarascáil chomh praiticiúil, chomh dírithe agus chomh gníomhach agus is féidir.

Is iad seo a leanas na príomhchaibidlí:

Cearta bunúsacha idir chamáin

Áirítear sa chaibidil seo glaonna ginearálta go gcosnófaí cearta bunúsacha, lena n-áirítear, mar shampla, luachanna an Aontais a chur chun cinn

Daonlathas faoi strus

Tugtar aghaidh sa chaibidil seo ar chúlú i roinnt Ballstát, lena n-áirítear bagairtí ar neamhspleáchas breithiúnach, éilliú ardleibhéil, mí-úsáid earraí spiaireachta, agus cearta parlaiminteacha atá á lagú. Leagtar béim inti freisin ar na rioscaí do shaoirse agus iolrachas na meán, do scaipeadh na bréagaisnéise, agus do mhí-úsáid cumhachtaí éigeandála.

Sáruithe ar chearta bunúsacha ag teorainneacha

Cumhdaítear sa chaibidil seo *inter alia* brú siar, foréigean sistéamach, agus beartais seachtraithe lena mbaintear an bonn den rochtain ar thearmann agus atá ina sárú ar non-refoulement. Iarrtar go mbeadh cuntasacht agus gníomhaíocht ón Aontas ann chun a áirithiú go n-urramófar dínit an duine agus imirce á bainistiú.

Foréigean inscnebhunaithe, cearta na mban agus cearta daoine LADTIA+

Leagtar béim sa chaibidil seo ar an ngéarghá atá le foréigean inscnebhunaithe a chomhrac, lena n-áirítear gluaiseachtaí frith-inscne. Iarrtar go ndéanfaí cearta gnéis agus atáirgthe a chosaint, an ceart chun ginmhillte a áireamh sa Chairt, agus coimircí níos láidre do dhaoine LADTIA+ i gcoinne an fhuatha agus an idirdhealaithe.

An tsochaí shibhialta faoi bhagairt

Cumhdaítear sa chaibidil seo na srianta ar an spás sibhialta nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo. Iarrtar go dtabharfaí cistiú inbhuanaithe ón Aontas do ESSanna agus go gcosnófaí cosantóirí chearta an duine.

Ciníochas struchtúrach agus idirdhealú

Tugtar aghaidh sa chaibidil seo ar chiníochas agus idirdhealú sistéamach. Iarrtar go nglacfaí an Treoir Chothrománach maidir le Frith-Idirdhealú mar aon le straitéisí comhionannais níos láidre, agus go ndéanfaí dlí frith-idirdhealaithe an Aontais a fhorfheidhmiú.

Cearta comhshaoil, sóisialta, eacnamaíocha agus cultúrtha atá i mbaol

Tugtar chun suntais sa chaibidil seo gur ábhair imní maidir le cearta bunúsacha iad an bhochtaineacht atá ag dul i méid, an t-eisiamh tithíochta agus an easpa dídine. Leagtar béim ar an gceart chun comhshaoil inbhuanaithe agus iarrtar go mbeadh aistriú cóir ann.